Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/4556

29.7.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Séú Dlísheomra) an 13 Meitheamh 2024 (iarrataí ar réamhrialú ó Juzgado Contencioso-Administrativo nº 17 de Barcelona – an Spáinn) – KT (C-331/22), HM, VD (C-332/22) v Dirección General de la Función Pública, adscrita al Departamento de la Presidencia de la Generalitat de Catalunya (C-331/22), Departamento de Justicia de la Generalitat de Catalunya (C-332/22)**

**(Cásanna Uamtha C-331/22 ([1]) agus C-332/22 ([2]), DG de la Función Pública, Generalitat de Catalunya agus páirtithe eile)**

***(Tarchur chun réamhrialú – Treoir 1999/70/CE – Comhaontú maidir le hobair ar théarma socraithe arna tabhairt i gcrích ag CES, UNICE agus CEEP – Conarthaí fostaíochta ar théarma socraithe san earnáil phoiblí – Gníomhairí sealadacha – Clásal 5 – Bearta chun mí-úsáid conarthaí nó caidrimh fostaíochta ar théarma socraithe comhleantacha a chosc agus pionós a ghearradh ina leith)***

(C/2024/4556)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Juzgado Contencioso-Administrativo nº 17 de Barcelona

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* KT (C-331/22), HM, VD (C-332/22)

*Cosantóirí:* Dirección General de la Función Pública, adscrita al Departamento de la Presidencia de la Generalitat de Catalunya (C-331/22), Departamento de Justicia de la Generalitat de Catalunya (C-332/22)

**An chuid oibríochtúil**

1) Maidir le Clásal 5 den Chomhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna tabhairt i gcrích an 18 Márta 1999 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 i dtaca leis an gComhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna tabhairt i gcrích ag CES, UNICE agus CEEP,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   ní chuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta faoina n-éiríonn mí-úsáid as conarthaí nó caidrimh fostaíochta téarma shocraithe comhleantacha san earnáil phoiblí i gcás nach gcomhlíonann an riarachán poiblí lena mbaineann na teorainneacha ama a leagtar síos sa dlí náisiúnta chun an post ina bhfuil an t-oibrí sealadach lena mbaineann a líonadh, ós rud é, i gcás den sórt sin, nach gcumhdaíonn na conarthaí nó caidrimh fostaíochta téarma shocraithe comhleantacha sin riachtanais shealadacha, ach riachtanais bhuana agus mharthanacha an riaracháin sin.

2) Maidir le Clásal 5 den Chomhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna tabhairt i gcrích an 18 Márta 1999 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE, arna léamh i bhfianaise phrionsabail na comhréireachta agus an chúitimh iomláin as an damáiste a rinneadh,

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leis ar chásdlí agus ar reachtaíocht náisiúnta lena leagtar síos mar bhearta chun pionós a ghearradh ar mhí-úsáid conarthaí nó caidrimh fostaíochta téarma shocraithe comhleantacha, faoi seach, an t-oibrí lena mbaineann a choinneáil go dtí go ndéanfaidh an riarachán fostaíochta na nósanna imeachta roghnúcháin a eagrú agus a dhúnadh, chomh maith le nósanna imeachta den sórt sin agus cúiteamh airgeadais a íoc lena socraítear uasteorainn dhúbailte don oibrí sin nach n-éiríonn leis sna nósanna imeachta sin, i gcás nach bhfuil na bearta sin comhréireach nó éifeachtach agus athchomhairleach go leor chun lánéifeachtacht na rialacha arna nglacadh de bhun Chlásal 5 a áirithiú.

([1]) IO C 359, 19.9.2022.
([2]) IO C 472, 12.12.2022.

3) Maidir le Clásal 5 den Chomhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe arna tabhairt i gcrích an 18 Márta 1999 a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 1999/70/CE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

in éagmais bearta leordhóthanacha dá bhforáiltear sa dlí náisiúnta chun cosc a chur, agus i gcás inarb iomchuí, pionós a ghearradh, de bhun Chlásal 5, ar mhí-úsáid a eascraíonn as úsáid a bhaint as conarthaí nó caidrimh fostaíochta ar théarma shocraithe comhleantacha, d'fhéadfadh tiontú na gconarthaí nó na gcaidreamh fostaíochta comhleantacha sin go conradh fostaíochta nó caidreamh tréimhse éiginnte a bheith ina bheart den sórt sin, a mhéid nach bhfuil léiriú *contra legem* ar an dlí náisiúnta i gceist leis an tiontú sin.